C/2024/5285

27.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11658 — HMLYS II HOLDINGS LIMITED / XIAMEN C&D COMMODITIES / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5285)

1. An 19 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— HMLYS II Holdings Limited ('HMLYS', Oileáin Cayman), atá faoi rialú Hillhouse Group Holdings Limited ('Hillhouse', an tSín) atá faoi rialú aonair Lei Zhang (an tSín),

— Xiamen C&D Commodities (an tSín), atá faoi rialú Xiamen C&D Corporation Limited ('Xiamen C&D', an tSín).

Gheobhaidh HMLYS agus Xiamen C&D Commodities comhrialú ar chomhfhiontar úrnua (an 'JV', an tSín) de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ardán bithbhreoslaí é HMLYS trína ndéanann Hillhouse infheistíocht i dtionscal na mbithbhreoslaí. Is gnólacht infheistíochta domhanda é Hillhouse a infheistíonn go príomha i réimsí an chúraim sláinte, na seirbhísí gnó, an tomhaltais leathain agus na tionsclaíochta,

— Tá Xiamen C&D Commodities faoi rialú deiridh Xiamen C&D amháin. Tá Xiamen C&D gníomhach in oibriú an tslabhra soláthair, tógáil agus oibriú uirbeach, turasóireacht agus taispeántas, cúram leighis agus sláinte agus infheistíochtaí i dtionscail atá ag teacht chun cinn.

3. Beidh an JV bunaithe agus gníomhach sa tSín i dtáirgeadh agus i ndíol bithbhreoslaí, go háirithe ola phlandúil hidriginithe agus breosla eitlíochta inbhuanaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11658 — HMLYS II HOLDINGS LIMITED / XIAMEN C&D COMMODITIES / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË